EirGrid

Rte Le réseau de transport d'électricité

# Celtic Interconnector

La liaison électrique entre la France et l'Irlande

*Connecting the electricity grids of Ireland and France*

## Forléargas Tionscadail

Le Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cruthófar nasc leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun aistriú leictreachais a chumasú idir an dá thír. Leis an nasc, ceanglófar an fostáisiún leictreachais atá ann cheana i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, An Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos sláine agus níos inbhuanaithe tríd an t-aon nasc díreach leictreachais idir Éire agus ballstát de chuid an Aontas Eorpaigh a sholáthar. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir chóras tarchurtha leictreachais na hÉireann, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE).

## San Eagrán Seo


- An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal
- Cad atá ag tarlú anois?
- Sa Limistéar Muirí
- An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Cuairt Maires na Fraince
- Ciste Sochair Pobail
- An Tionscadal i bhFigiúirí
- An Raibh a Fhios Agat?


## An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal

Tá trinseáil agus suiteáil na duchtála chun an cábla srutha dhírigh ardvoltais (SDAV) a iompar feadh an bhealaigh ó Thrá an Chaisleáin Chria go dtí an stáisiún tiontaire i mBaile Adaim curtha i gcrích. Tá suiteáil cábla sna duchtanna agus siúntáil faid na gcáblaí lena chéile feadh an bhealaigh ar an N25 idir Eochaill agus Cill Ia curtha i gcrích, agus cuirfear an bóthar ar ais mar a bhí an mhí seo chugainn. Is ionann sin agus cuid amháin den trí chuid de bhealach an chábla ar an N25. Leanfar leis an obair ar an dara cuid ó Chill Ia go Baile na Martra.

Rinneadh gach cábla a shuiteáil agus a shiúntáil go rathúil feadh bhealach an chábla srutha ailtéarnaigh ardvoltais (SAAV) idir stáisiún tiontaire Bhaile Adaim agus fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh, Cnoc Rátha, le hoibreacha deiridh aischurtha bóthair beartaithe le bheith críochnaithe faoi dheireadh na míosa seo. Ag an áit theacht i dtír, ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill, cuireadh suiteáil duchta sa chuid mhuirí ó bharr na trá amach chomh fada le 250 méadar i gcrích go rathúil agus anois táthar réidh leis an gcábla muirí a fháil amach anseo.

Copyright © 2025 | EirGrid |. All rights reserved.

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

# Cad atá ag tarlú anois?

Ag Trá an Chaisleáin Chria, tá miondealú an láithreáin ar bun i gcomhpháirtíocht leis a údarás áitiúil agus, mar aon leis na hoibreacha, leanann tionchar na dtaoidí agus na haimsire, le haislíonadh gainimh sa cheantar garchladaigh ar bun le gach timthriall taoide.

Fuarthas dhá chlaochladán as a gceithre claochladán don stáisiún tiontaire i mí Lúnasa, agus táthar ag súil leis an tríú agus an ceathrú claochladán a fháil níos déanaí an mhí seo.

Tá suiteáil ríthábhachtach de threalamh leictreach ag dul chun cinn go maith ag an stáisiún tiontaire. Tá oibreacha sibhialta ag teacht chun críche leis an bhfálú imlíne ag dul ar aghaidh.



*Láithreán an stáisiúin tiontaire ag Baile Adaim.*




*Tháinig an soitheach leagain cábla, Calypso, i gcé ag Calafort Chorcaí an mhí seo caite.*

## Sa Limistéar Muirí

Leagadh an chéad 84km den chábla SDAV amach ón gcósta go rathúil an mhí seo caite ag an soitheach Calypso ó Van Oord, le hadhlacadh iar-leagain ar bun faoi láthair ag baint úsáid as roinnt soitheach saincheaptha adhlactha cábla.

## An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Sa Fhrainc, tá na hoibreacha sibhialta sa stáisiún tiontaire curtha i gcrích anois agus fuarthas an trealamh is tábhachtaí, na claochladáin tiontaire. Tá na hoibreacha á ndéanamh laistigh níos mó agus níos mó, le béim ar chábliú na bhfoirgneamh agus ar thús a chur le suiteáil na modúl tiontaire. Is ionann an trealamh seo agus an rud a thiontaíonn an chumhacht ó SA go SD agus a mhalairt. Tá oibreacha cábla talún ag dul chun cinn, le níos mó ná 50% de na hoibríochtaí trinseála agus duchtála do bhealach an chábla anois curtha i gcrích, lena n-áirítear an comhéadan tábhachtach, áit a dtagann na cáblaí isteach agus amach as an stáisiún tiontaire, anois curtha i gcrích go rathúil.






*Ionadaithe polaitíochta ó oirthear Chorcaí agus Maires ag déanamh ionadú ar bhardasachtaí éagsúla na Fraince ag freastal ar imeacht gréasánaíochta EirGrid.*

## Cuairt Maires na Fraince

Níos luaithe sa samhradh i mbliana, chuir EirGrid agus Réseau de Transport d'Electricité (RTE) fáilte roimh thoscaireacht phobail ó iarthuaisceart na Fraince go hoirthear Chorcaí. Fuair na méaraí, ag déanamh ionadaíocht ar son bhardasachtaí éagsúla na Fraince sna háiteanna a dtéann tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh tríothu, féachaint dhomhain ar ghnéithe éagsúla den tionscadal in Éirinn, lena n-áirítear tiomáint feadh bhealach an chábla, turas de láithreán an stáisiúin tiontaire, agus cuairt ar an áit theacht i dtír ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill.

I dteannta ghnéithe teicniúla an tionscadail, bhuail na méaraí le hionadaithe ó phobal oirthear Chorcaí, agus ghlac siad páirt i bplé an phobail i ndáil le cur chuige EirGrid agus RTE i leith an rannpháirteachais maidir leis an eangach leictreachais a aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh in-athnuaite agus maidir leis an mbrí a ghabhann leis sin do phobail.

# Ciste Sochair Pobail

Tar éis freagairt thar a bheith dearfach ó iarratasóirí ar Chéim 2 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, agus tar éis measúnú cuimsitheach ó phainéal meastóireachta neamhspleách, tá Céim 2 den chiste €2.4 milliún bronnta.

Leis an gcéim seo, feictear 53 pobal agus grúpa deonacha incháilithe i gceantar an tionscadail ag fáil suim iomlán maoinithe de €821,265.50. Cumhdaítear trí cholún leis an maoiniú: inbhuanaitheacht, pobal agus bithéagsúlacht.

Moltar d'iarratasóirí nár éirigh lena n-iarratas ag Céim 2 den chiste teagmháil a dhéanamh le SECAD chun a gcuid pleananna a phlé agus chun tacaíocht leantach a fhiosrú roimh bhabhta maoinithe deiridh EirGrid, a bheidh ann ag céim fuinnmhithe an tionscadail in 2028. Seo thíos na tionscadail ar éirigh leo maoiniú a fháil ag Céim 2 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh de chuid EirGrid:

| Ainm an Phríomhghrúpa Phobail / na Príomheagraíochta Pobail: | Teideal an Tionscadail | An Méid Iomlán a Bronnadh | Sruth Maoinithe |
|---|---|---|---|
| Fochoiste Loch Bhaile an tSóitéasaigh (Loch an Doire) | Tionscadal Bainistithe Fiaile Loch an Doire | €79,677.00 | Bithéagsúlacht |
| Comhairle Phobail Cheantar Bhaile an tSóitéasaigh | Oidhreacht na gCrann Dúchasach - EirGrid | €5,000.00 | Bithéagsúlacht |
| Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Bhaile na Martra | Athbheochan spás tréigthe do rochtain inbhuanaithe don phobal ag Scoil Náisiúnta Bhaile na Martra agus halla pobail agus gairdíní agus tailte na gcéadfaí nach ndéanann dochar don bhithéagsúlacht | €66,922.75 | Pobal, Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Chnoc Rátha | Gairdín Scoile ag Scoil Náisiúnta Chnoc Rátha | €9,732.00 | Bithéagsúlacht |
| Bord Bainistíochta Ghaelscoil Choráin | Ag cur leis an bhfoghlaim amuigh faoin aer agus gairdín bithéagsúlachta ag Gaelscoil Choráin | €8,259.65 | Pobal, Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta na Mainistreach Theas | Gairdín Pobail na gCéadfaí | €5,000.00 | Bithéagsúlacht |
| Cumann Tuismitheoirí Bhunscoil Mhuire | Forbairt clós súgartha amuigh faoin aer agus spásanna sábháilte na gcéadfaí laistigh de cheantar na scoile. | €1,547.00 | Bithéagsúlacht |
| Cairde - Cumann Tuismitheoirí Ghaelscoil Mhainistir na Corann | Lochán na scoile a dheisiú, athlíonadh móta coirte ar láithreán na scoile agus fostú Sainchomhairleoir Bithéagsúlachta do láithreán na scoile | €8,847.00 | Bithéagsúlacht |
| Lárionad Acmhainní Teaghlaigh Charraig Thuathail | Gairdín Comhtháite Pobail Charraig Thuathail - Spás inbhuanaithe agus bithéagsúil do phobal atá éagsúil agus sláintiúil ó thaobh na sláinte fisiciúla agus na meabhairshláinte de | €34,946.50 | Pobal, Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Club Bláthanna agus Garraíodóireachta Charraig Thuathail | Leathnú Club Garraíodóireachta Charraig Thuathail i gcúrsaí bithéagsúlachta | €3,631.00 | Bithéagsúlacht |
| Comhairle Phobail Bhaile na Martra | Bratiarratas do 6 ghrúpa pobail | €18,780.00 | Pobal Bithéagsúlacht |
| CLG Bhaile na Martra | Tionscadal Halla Cruinnithe Pobail Bhaile na Martra | €50,000.00 | Pobal |
| CCE Comhaltas Uí MacChoille | Tionscnamh fáis Bhrainse Comhaltas Ó Mic Coille | €5,250.00 | Pobal |
| Beachairí Chontae Chorcaí | Tionscadal teagaisc do bheachairí chun galar a dhiagnóisiú ag baint leas as mhicreascóip chomhshuite | €2,924.00 | Bithéagsúlacht |
| Freagróirí Garchabhrach an Phobail Oirthear Chorcaí (ECRR CFR) | Dífhibrileoir agus Caibinéad in áiteanna inrochtana | €3,490.00 | Pobal |
| Club Cispheile East Cork Glenmary | Uasghrádú de na cúlchláir/ciseáin cispheile chun go mbeidh siad ag teacht le rialacháin sábháilteachta agus idirnáisiúnta agus ceannach péire feisteas imeartha cispheile | €6,686.00 | Pobal |
| Mearfhreagróirí Oirthear Chorcaí (EC Rapid Response CTR) | Feistiú saincheaptha otharchairr agus trealamh nua feidhmiúcháin ríthábhachtach | €6,000.00 | Pobal |
| Seirbhísí Míchumais Enable Ireland | Oibreacha uasghrádaithe ar mhol seirbhísí lae Enable Ireland do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas ag Radharc an Mhuillin, Bóthar Chorcaí, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí | €23,700.00 | Inbhuanaitheacht |
| Coill agus Loch an Ghleanna Bhodhair CTR | Baint na Speiceas Ionrach i gCoill an Ghleanna Bhodhair chun Gnáthóg Coillearnach Dúchasach a Chosaint agus chun an Bhithéagsúlacht a Fheabhsú | €44,986.00 | Bithéagsúlacht |
| Greywood Arts CLG | Ón gCruinne go dtí an Scamall: Borradh a chur faoin gcruthaitheacht trí na healaíona, tríd an mbithéagsúlacht, agus trí oideachas sna meáin dhigiteacha in Oirthear Chorcaí | €9,465.00 | Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| Tionscadal Caomhnaithe Beach na hÉireann CTR | Pobail a Chumasú do Chaomhnú Pailneoirí agus Tionscadal Inbhuanaitheachta | €5,000.00 | Bithéagsúlacht |
| Comhairle Phobail Chill Ia - na hInse | Uasghrádú ar chlós súgartha Chill Ia - na hInse, i bpáirt le Coillte an Ghleanna Bhodhair | €20,130.00 | Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| Ionad Pobail Chill Ia | Fuinneamh inbhuanaithe agus plandáil bithéagsúlachta d'Ionad Pobail Chill Ia | €26,338.26 | Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| CLG Chill Ia | Uasghrádú ar an gCóras Teasa | €22,543.38 | Inbhuanaitheacht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cumann Cónaitheoirí Chnoc Uí Mhearaígh, Eochaill** | Feabhsú eastáit - suíocháin don phobal | €2,593.64 | Pobal |
| **Grúpa Comhshaoil Chnoc Rátha** | Gairdín na gCéadfaí don Phobal agus Tionscadal Feabhsaithe Bithéagsúlachta | €46,875.00 | Bithéagsúlacht |
| **Cumann CLG Mhainistir na Corann (Aon Chlub Amháin)** | Cosán Siúil ag CLG Mhainistir na Corann. Tailte nua ag an bPáirc Theas, Mainistir na Corann | €21,383.40 | Pobal |
| **Cumann Lúthchleasaíochta na nÓg, Mainistir na Corann** | Lá scagthástála croí do bhaill óga an chlub agus do chóitseálaithe os cionn 12 bhliain d'aois | €4,224.00 | Pobal |
| **Margaíocht Mhainistir na Corann agus Soilse na Nollag** | Teilgeoir nua amuigh faoin aer ag teach na cúirte i Mainistir na Corann | €3,731.25 | Pobal |
| **My Place Mainistir na Corann CTR** | Ardaitheoir do Chathaoireacha Rothaí do chéim 2 de thionscadal leathnaithe My Place | €33,500.00 | Pobal |
| **Grúpa Páirceanna agus Clóis Súgartha Mhainistir na Corann** | Gairdín na gCéadfaí ag Clós Súgartha Sráide Pháirc Mhainistir na Corann | €3,870.00 | Bithéagsúlacht |
| **Club Rugbaí Mhainistir na Corann** | Uasghrádú de Shoilsiú na Páirce ó halaigin go LED chun córas soilsithe inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir a chur ar fáil | €24,159.50 | Inbhuanaitheacht |
| **Bailte Slachtmhara Mhainistir na Corann** | Cothabháil cheantar máguaird an bhaile ag Bailte Slachtmhara Mhainistir na Corann | €3,750.00 | Pobal |
| **Cumann Peile Mhaigh Dhíle** | Cumhacht ghréine don chlub agus feabhsú an láithreáin le fálta dúchasacha | €7,709.01 | Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| **Cumann Tuismitheoirí Múinteoirí Scoil Náisiúnta Eoin Baiste** | Forbairt gairdín na gcéadfaí agus seomra ranga amuigh faoin aer | €4,500.00 | Bithéagsúlacht |
| **Cumann Tuismitheoirí Scoil Chlochair Mhuire** | Mol nua ETIM a chruthú agus tionscadal bithéagsúlachta do SCM | €6,207.87 | Pobal & Bithéagsúlacht |
| **Club Trí-atlain an Chósta Theas, Eochaill** | Tri and Get People Moving: Scéim Iasachta Trealaimh Chlub Trí-atlain an Chósta Theas | €2,648.55 | Pobal |
| **Club CLG Naomh Íde** | Forbairt plean gníomhaithe ar son na bithéagsúlachta ag an bpáir imeartha sa Pholl Mór | €2,241.00 | Bithéagsúlacht |
| **Cumann Dornálaíochta Naomh Marta, an Charraig Thuathail** | Trealamh traenála agus fearas cumainn | €7,051.71 | Pobal |
| **Scoil Náisiúnta Naomh Feargal Cumann Tuismitheoirí Chill Ia** | Forbairt Clós Súgartha agus Gairdín na gCéadfaí don Scoil agus don Phobal ag Scoil Náisiúnta Naomh Feargal | €4,954.00 | Bithéagsúlacht |



| | | | |
|---|---|---|---|
| Bord Bainistíochta Scoil Bhríde, Mainistir na Corann | Suiteáil na bithéagsúlachta le saoráidí inbhuanaitheachta i Scoil Bhríde, Mainistir na Corann, 2025 | €3,037.50 | Inbhuanaitheacht |
| Gréasán Gorm agus Glas Eochaille | Gníomhú Comhoibríoch Pobail ar son na hAeráide ag Gréasán Gorm agus Glas Eochaille | €3,000.00 | Bithéagsúlacht |
| Comhlachas Turasóireachta agus Forbartha Eochaille | An córas soilsithe a uasghrádú san Ionad Oidhreachta go soilsiú LED tá tíosach ar fhuinneamh | €1,871.25 | Inbhuanaitheacht |
| Cumarsáid Eochaille CTR | Ár bPobal - Intreoir don raidió pobail a thabhairt go deich mbunscoil | €14,700.00 | Pobal |
| Bus Pobail Eochaille/Grúpa Iompair Phobail Eochaille | Iarratas Bus Pobail Eochaille ar iompar áitiúil níos sábháilte, feabhsaithe, i bhfeithiclí leictreacha agus tuilleadh seirbhísí ionchuimsitheacha | €5,655.83 | Pobal |
| Comharchumann Iascairí Eochaille Teoranta | Tionscadal PV Ghréine agus Ceallra | €17,797.37 | Inbhuanaitheacht |
| CLG Eochaille - Aon Chlub Amháin (ag ionchorprú Cumann Pheil Ghaelach na mBan, Cumann Camógaíochta Eochaille agus CLG Eochaille) | Slí na Sláinte: Cosán foraoise crann dúchasach a thógáil, chun an fholláine a fheabhsú, chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn, agus an pobal a nascadh trí dhearadh inbhuanaithe | €23,286.00 | Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht |
| Club Rugbaí Eochaille | Uasghrádú an chlubthí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr | €18,498.75 | Inbhuanaitheacht |
| Snámhaithe Farraige Eochaille | Tionscadal Folláine Phobal Snámhaithe Farraige Eochaille | €10,814.25 | Pobal |
| Grúpa na mBailte Slachtmhara, Eochaill | Cur chun feidhme Phlean Pailneoirí Eochaille | €37,125.00 | Bithéagsúlacht |
| Cumann Nasctha Eochaille | Ciste chun cuimhneacháin chomórtha shaincheaptha do chomhairle Eochaille agus do chomhairle LarmorPlage sa Fhrainc ar chomóradh 40 bliain an tionscnaimh | €2,250.00 | Pobal |
| Ard-Ionad Ealaíon Aontas Eochaille | Córas teasa d'fhuinneamh inbhuanaithe, in-athnuaite | €12,337.50 | Inbhuanaitheacht |
| Club Sacair Eochaill Aontaithe CTR | Aistriú chuig soilse LED le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh | €22,637.58 | Inbhuanaitheacht |




*Baill de Ghrúpa Iompair Eochaille a fuair €70,000 ag céim 1 den mhaoiniú chun bus leictreach a cheannach, i bpictiúr le hionadaithe ó EirGrid.*



*Fuair Grúpa na mBailte Slachtmhara, Baile na Martra, maoiniú ag Céim 1 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh.*

## Dúirt Sinéad Dooley, Ceannasaí Rannpháirteachas leis an bPobal, EirGrid:

"Tá an-tábhacht ag baint leis an rannpháirteachas fiúntach agus éifeachtach dúinn ag EirGrid chun gur féidir linn ár gcuspóir a bhaint amach - an córas cumhachta a athrú ó bhonn ar son na nglúnta atá le teacht. Lenár gCiste Sochair Pobail, aithnítear tábhacht na bpobal áitiúil a thacaíonn lenár gcuid oibre agus a chuireann fúthu taobh leis an obair sin. Tá an ciste ceaptha deis a thabhairt do phobail a gceantar a athrú ó bhonn agus oidhreacht dhearfach a fhágáil sa cheantar ina mbeidh bonneagar de chuid an Idirnascaire Cheiltigh. Ag Céim 1, chonacthas 29 tionscadal ag fáil cúnaimh mhaoinithe agus ag baint mian a bpobail amach. Tá ríméad orainn go bhfuilimid in ann, ag céim 2, 53 tionscadal eile a chumasú a gcuid pleananna a bhogadh chun cinn chun gur féidir leis na pobail leas a bhaint astu. Guímid gach rath ar fhaighteoirí chistí Chéim 2 lena gcuid pleananna."

# Urraíochtaí an tSamhraidh

In EirGrid, creidimid go dtógtar pobail láidre trí nasc, trí obair foirne agus trí thaithí chomhroinnte. Sin é an fáth gur ábhar mórtais dúinn é tacú le himeachtaí áitiúla pobail agus spóirt anseo in oirthear Chorcaí.

An samhradh seo, b'ábhar mórtais dúinn é urraíocht a thabhairt do roinnt imeachtaí sa réigiún, lena n-áirítear Leath-Mharatón agus Rás Bóthair 10k Bhá Eochaille agus Comórtas Singile Oscailte Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc Lúnasa ag Club Gailf Oirthear Chorcaí.

Deis den scoth a bhí sna himeachtaí sin rud éigin a thabhairt ar ais do phobal Oirthear Chorcaí trí urraíocht a thabhairt do na himeachtaí dea-eagraithe seo, a raibh freastal an-mhaith orthu.




*An chéad cúigear fear a thrasnaigh an líne ag Leath-Mharatón agus Rás Bóthair 10k Bhá Eochaille, arna n-urrú ag EirGrid.*




*Galfairí admhaithe de Chomórtas Singile Oscailte Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc Lúnasa ag Cumann Gailf Oirthear Chorcaí, arna urrú ag EirGrid, in éineacht le hoifigeach an chlub agus le Shane Cooney, EirGrid.*

## An Tionscadal i bhFigiúirí

**8,000** líon na dtonnaí cábla SDAV is féidir leis an soitheach Calypso a iompar. Is féidir leis an soitheach dhá chábla a leagan ag an am céanna freisin.

## An Raibh a Fhios Agat?

Cuirfear an cábla i dtalamh ag dhá shoitheach - Athena agus an Aethra. Beidh soitheach amháin ag obair ó thaobh thuaidh an chábla agus an ceann eile ón taobh theas.



# Amlíne an Tionscadail

## 2025

Tús na suiteála cábla amach ón gcósta.

Tús fheachtais chosanta na gcáblaí fomhuirí

Cur i gcrích shuiteáil agus shiúntáil na gcáblaí talún SAAV agus SDAV.

Foirgnimh an stáisiúin tiontaire curtha i gcrích

## 2026

Leantar le suiteáil cábla amach ón gcósta.

Leantar le feachtais chosanta na gcáblaí fomhuirí.

Tógáil chompún an stáisiúin tiontaire curtha i gcrích.

Cuirtear tús le céim an choimisiúnaithe agus na tástála.

## 2027

Cur i gcrích shuiteáil an chábla mhuirí amach ón gcósta.

Cur i gcrích fheachtais chosanta na gcáblaí fomhuirí.

Céim an choimisiúnaithe agus na tástála don stáisiún tiontaire curtha i gcrích.

## 2028

Oibríocht thrialach agus oibríocht thráchtála.

# Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail. Táimid an-bhuíoch as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair seo.




### Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh Pobail
EirGrid
085 870 4999





### Cillian Quinlan

Oifigeach Idirchaidrimh
Sorensons
086 032 6171


Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail, nó tabhair cuairt ar www.eirgrid.ie/celticinterconnector

Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphoist liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátuithe ag uair ar bith trí ríomhphost a chur chuig celticinterconnector@eirgrid.com

### Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár seirbhís Téacs **SAOR IN AISCE** trí théacs le **INTER** a chur chuig **50015**.

### Uasdátú Ríomhphoist

Uasdátú Ríomhphoist Más mian leat uasdátú ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre, cuir ríomhphost le do thoil chuig celticinterconnector@sorensen.ie


Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

The Celtic interconnector project is being developed by EirGrid, the operator of the energy transfer system in Ireland, and its counterpart in France, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).



Copyright © 2025 | EirGrid |. All rights reserved.

WORLD LAND TRUST™ www.carbonbalancedpaper.com CBP002856

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040